
# Fáilte go Dún Eilíse

Tá an dún, cathair lárnach seo, go smior i stair corraithe Cathair Chorcaí. Tar agus féach duit féin cé a throid anseo, cé a bhí ina gcónaí anseo agus fiú cé a d'fhéadfadh a bheith curtha sna bhallaí féin...



# Féach, Siúl, Aimsigh

Bí ag féachaint ar radharcanna álainne Cathair Chorcaí ó ballaí arda Dún Eilíse. Tugann ár dtreoraithe fíor léargas ar rúnta an Dúin agus de réir mar a shiúlann tú timpeall, buailfidh tú le carachteirí éagsúla ó stair an Dúin. Tá fáilte romhat iniúchadh a dhéanamh ar do luas féin lenár dtreoir fuaime, agus foghlaim faoi scéalta iontacha an dúin inár seomraí aimsigh úr-nua!


**BEALTAINE – MEAN FÓMHAIR**
Luan - Satharn ....... 10.00rn- 5.00in
Domhnach ............. 12.00 – 5.00 iarnóin

**DEIREADH FÓMHAIR – AIBREÁN**
Máirt - Satharn ........ 10.00rn - 5.00in
Domhnach ............... 12.00rn - 5.00 iarnóin

Turas treoraithe gach lá ag a 1.00in

fb.com/elizabethfortcork
@elizabethfort_
@ElizabethFort_

CORK





T: (021) 4975947
E: info.elizabethfort@gmail.com



Interreg Atlantic Area
MMIAH

Tá an tionscadal seo comh-mhaoinithe ag Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa trí an Tionscadal MMIAH ag an gClár de Cheantar Atlantach Interreg, agus Chomhairle Cathrach Chorcaí.


Iontráil saor in aisce

# Dún Eilíse
# Elizabeth Fort
BUNAITHE 1626




**www.elizabethfort.ie**

Bí ag **féachaint** ar an gcathair, **siúl** ar na ballaí agus **aimsigh** na scéalta

## Bí ag féachaint ar an gcathair

Is ó Dún Eilíse a fhaightear ceann de na radharcanna is fearr ar an gcathair agus ar Ardeaglais Naomh Fionnbarr.

## Siúl na ballaí

Déan na ballaí a iniúchadh laistigh agus lasmuigh. Tugann ár dtreoraithe na balla chun beatha nó is féidir leat iniúchadh a dhéanamh tú féin lenár dturas fuaime úr nua!

## Aimsigh na scéalta

Tum isteach go doimhin sa stair inár seomraí aimsigh cuairteoireachta nua-oscailte. Beidh iontas ort, maidir le cérbh iad a ghlaoigh i seo mar bhaile acu trí na h-aoiseanna.








# Turas féin-stiúrtha

**Is féidir dul ar thuras treoraithe, turas fuaime nó turas féin-stiúrtha leis an leabhrán seo. Ag gach stad is féidir dul níos doimhne i scéalta na ndaoine a thóg, a chosain agus a bhí mar phríosúnaithe laistigh de na ballaí seo. Is féidir leis na ballaí labhairt**

Dún Eilíse
Elizabeth Fort
BUNAITHE 1626




**1** **RÉAMHRÁ**
Tógadh an chéad dún anseo sa bhliain 1601, le linn ré na banríona Eilís a hAon. Ainmníodh an dún ina h-onóir.

**2** **TAOBH ISTIGH DE NA GEATAÍ**
Clois faoin mhainistir luath ag an gcúinne seo de Chorcaigh, ionróirí Lochlannacha agus faoi chonas ar thosnaigh Cathair Chorcaí mar bhunú faoi bhallaí timpeallaithe ag oileáin phortaigh.

**3** **AN T-URDHÚN THOIR THUAIDH**
Foghlaim faoi chonas atá Dún Eilíse mar cheann de shraith de dhúnta réaltchruthach ag cosaint calaigh agus chathair Chorcaí. Cinnte go bhfuil roinnt comhraigh feicthe ag an dún thar na blianta!

**4** **AN RADÁN**
Seo ceann de na láthair is fearr i gCorcaigh chun bheith ag breathnú ar an gcathair, na h-abhainn agus na cnoic a thimplíonn an chathair. B'áit iontach fairire é ar ionsaitheoirí, ach cén fáth go raibh na canóin casta i dtreo na cathrach?

**5** **AN T-URDHÚN THIAR THUAIDH**
Tharla roinnt den throid is fíochmhara anseo sna 1690-daí i rith imshuí Chorcaí. Bí cinnte sracfhéachaint a thabhairt ar an dtrealamh a úsáideadh chun canóin a scaoileadh ar an leibhéal íochtarach.

**6** **AN BALLA IARTHAR**
Do dhúshlán éisteacht le scéal Morty Óg agus an dúchinniúnt uafásach a bhí i ndán do na daoine a chuaigh i gcoinne an dlí sna 1700-daí.

**7** **AN T-URDHÚN THIAR THEAS**
Dearadh na ballaí seo chun daoine a choimead amach, ach ar feadh seal beag úsáideadh iad chun daoine a choimead istigh. Foghlaim faoi fir, mná agus páistí a bhí mar phríosúnaithe anseo sular iompraíodh iad go dtí an Astráil.

**8** **BEAIRIC GARDAÍ & FOTHAIN AER-RUATHAIR**
Úsáideadh an dún mar bheairic do na Gardaí, mar stóras bidh i rith an Ghorta Mhóir agus fiú mar fhothain aer-ruathair do shaoránaigh Chorcaí.

**9** **CONCLÚID**
Go raibh maith agaibh as an turas seo de Dhún Eilíse a thógaint. Má tá breis suime agat scéal Chorcaí a iniúchadh, tabhair cuairt ar Phlás Nano Nagle, Ardeaglais Naomh Fionnbarra, Músaem Poblaí Chorcaí, Séipéal Naomh Peadar, nó Sean Oibreacha Uisce Chorcaí atá ar bhruach Abhann na Laoi?

Tabhair aire, tá na céimeanna míchothrom in áiteanna agus gur feidir na cosáin adhmaid a bheith sleamhain in aimsir fliuch. Iarraimid ort na lámhráillí a úsáid i gcónaí nuair is ann doibh agus bheith cúramach ag dul suas agus síos na céimeanna. Tabhair aire comh maith go bhfuil fána géar lasmuigh de na ballaí, mar sin ná dreap ar na mballaí le do thoil.

Tá an bróisiúr seo comh-mhaoinithe ag Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa trí an Tionscadal MMIAH ag an gClár de Cheantar Atlantach Interreg, i gcomhar le Chomhairle Cathrach Chorcaí.